

Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla

i Scoil Oilibhéir Pluincéid Naofa,
Rann na Feirsde.

1. Réamhrá

Tarlaíonn eachtraí trámacha i gcuid mhaith scoileanna ag tráth amháin nó ag tráth eile. Sé atá i gceist sa pholasáí seo ná Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a aontú agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh an polasaí seo le chéile mar chuid den treoir ón Roinn Oideachas.

2. Sainmhíniú

Agus an plean a fhorbairt againn, ní mór sainmhíniú a thabhairt ar cad is Teagmhais Criticiúil ann. Is féidir féachaint orthu mar theagmhais a sháraíonn gnáth mheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar rith na scoile. Ní mar an gcéanna i gcónaí a bheidh an plean a chur i bhfeidhm, nach braithfidh sé sin cuid mhór ar an gcineál teagmhais a bheidh i gceist. Seo a leanas roinnt rudaí a chuirfeadh isteach ar rith na scoile:

- Cailleadh duine de phobal na scoile trí bhás tobann, timpiste nó féinmharú.
- Timpiste ag baint le daltaí nó baill foirne ag an scoil nó lasmuigh dí.
- Ionsaí fisiciúil ar dhalta(i) nó ar bha(i)ll foirne nó briseadh isteach sa scoil.
- Dochar tromchúiseach d'fhoirgneamh na scoile de bharr dóiteáin tuillte.
- Duine de phobal na scoile a dhul ar iarraidh.
- Timpiste/tragóid sa phobal máguaird.

3. Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

Beidh Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla ag an scoil. Ar an bhfoireann seo beidh an Príomhoide, Príomhoide Tánaiste, mar aon le duine amháin ainmnithe ag an bhfoireann Teagaisc. Duine ainmnithe ag an mBord Bainistíochta agus beirt thuismitheoir. Tiofadh an fhoireann le chéile ó am go ham agus nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil.

4. Nósanna Imeachta

Seo a leanas na gníomhartha gearr théarmacha a leanfar má tharlaíonn teagmhas criticiúil:

- 1) Baileofar eolas cruinn.
- 2) Déanfar teagmháil le gníomhaireachtaí cuí (Seirbhísí éigeandála agus leighis, NEPS, An Bord Bainistíochta, An Roinn)
- 3) Beidh cruinniú idir na príomh baill foirne agus an fhoireann bainistíochta do theagmhais chriticiúla.
- 4) Tionólfar cruinniú foirne.
- 5) Eagrófar tráthchlár don lá.
- 6) Coimeádfar rudaí mar is gnáth chomh fada is féidir.
- 7) Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas.
- 8) Cuirfear daltaí ar an eolas.
- 9) Déanfar teagmháil leis an teaghlach atá faoi mhéala.
- 10) Ullmhófar ráiteas scríofa: fíricí maidir leis an teagmhas, cad atá déanta chéanna féin, cad a dhéanfar, eolas dearfach faoin duine atá básaithe.
- 11) Ainmneofar duine chun labhairt leis na meáin, más gá. Coinneofar daltaí ar shiúl ó na meáin.
- 12) Socraigh teacht le chéile daltaí lena tuismitheoirí, más gá.

Seo a leanas na gníomhartha meán téarmacha a leanfar:

- 1) Déanfar athbhreithniú iomlán.
- 2) Eagrófar tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí de dhaltaí agus do thuismitheoirí más gá.
- 3) Déanfar plean chun daltaí a thógáil le chéile arís.
- 4) Tabharfar cuairt orthu siúd a gortaíodh.
- 5) Déanfar teagmháil leis an teaghlach maidir le socraithe sochraide.
- 6) Déanfar cinntí faoi rannpháirtíochta sa t-sochraid.
- 7) Iarrfar ar an mBord Bainistíochta faoi dhúnadh na scoile.

Seo a leanas na gníomhartha fadtéarmacha a leanfar:

- 1) Déanfar monatóireacht i gcomhair leis an bhfoireann Chúram ar dhaltaí chun comharthaí a aithint.
- 2) Déanfar cinneadh ar bhealaí oiriúnach chun déileáil le cothrom lae an teagmhais.
- 3) Déanfar cinnte go bhfuil achán nduine atá i láthair na scoile ar an eolas faoin bpolasaí seo.
- 4) Iarrfar tacaíocht ón Roinn Oideachas agus an HSE maidir le tacaíocht scoile a bheith curtha ar fáil do phobal na scoile.
- 5) Ní cheadófar duine ar bith labhairt leis na meáin chumarsáide gan comhairle a ghlacadh ón mBord Bainistíochta.

